


# Treoir d’Fhostóirí i leith Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa (ÁSPC)

2024

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Réamhrá maidir le hÁrachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 2 |
| 2. | Aitheantas Fostaí | 5 |
| 3. | Uimhreacha Aitheantais Fostaithe | 6 |
| 4. | Dáta Tosaithe agus Dáta Fágála na Fostaíochta | 7 |
| 5. | Pá do ÁSPC Fostaí | 8 |
| 6. | Pá do ÁSPC Fostóra | 9 |
| 7. | Íocaíocht Pinsin Fostaí | 10 |
| 8. | Íocaíocht Pinsin Fostóra | 13 |
| 9. | Luach Saothair Scairbhunaithe | 13 |
| 10. | Orduithe Eisiaimh | 15 |
| 11. | Ioncam Díolmhaithe ó ÁSPC | 17 |
| 12. | Aicme agus Fo-aicme ÁSPC | 20 |
| 13. | An Muirear ÁSPC | 24 |
| 14. | Seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais | 28 |
| 15. | Taifead ceart agus Tuairisceán ar Sheachtainí d'Fhostaíocht Inárachais | 30 |
| 16. | Ceartúcháin | 32 |
| 17. | Aisíocaíochtaí ÁSPC | 34 |
| 18. | Pionóis mar gheall ar Mhainneachtain Oibleagáidí ÁSPC a Chomhlíonadh | 35 |
| 19. | Mír Phárolla ÁSPC Fostaí a cheartú | 36 |

# 1: Réamhrá maidir le hÁrachas Sóisialach Pá-Choibhneasa

Bailítear Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) in éineacht le Cáin Ioncaim agus an Muirear Sóisialach Uilíoch faoin gcóras bailithe cánach Íoc Mar a Thuillir (ÍMAT).

Tá ceanglas dlíthiúil ar fhostóirí a chinntiú go n-asbhaintear an méid ceart ÁSPC óna bhfostaithe agus ceanglaítear orthu é a chur ar aghaidh, in éineacht leis an ÁSPC atá ar a bhfostóirí a íoc, chuig na Coimisinéirí Ioncaim faoin gcóras IMÁT.

I gcás go n-asbhaintear an méid mícheart ÁSPC ón bhfostaí agus nach n-aisghabhtar é ón bhfostaí sin, tá ar an bhfostóir an t-easnamh a dhéanamh suas. Tá feidhm ag an oibleagáid seo cibé an ríomhtar an dliteanas ÁSPC de láimh nó trí bhogearraí párolla a úsáid. Chun sonraí a fháil i dtaobh conas is féidir gearríocaíocht ÁSPC fostaí a aisghabháil, féach **rannóg 16**.

Ní mór d'fhostóirí an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim ar nó roimh dháta gach íocaíochta a dhéantar le gach fostaí:

- an dáta íocaíochta;
- pá chun críocha ÁSPC fostaí;
- pá chun críocha ÁSPC fostóra;
- má tá an fostaí díolmhaithe ó ÁSPC in Éirinn, (ní mór deimhniú a fhógraíonn díolúine agus an chúis léi a choinneáil.);
- Cúis díolmhaithe ÁSPC más infheidhme;
- Aicme agus Fo-aicme ÁSPC;
- Líon seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais a bhaineann leis an tréimhse pá;
- ÁSPC fostaí a íocadh;

- ÁSPC fostóra a íocadh; agus
- an uimhir rianaithe pinsin. Is uimhir í seo a shannann an tÚdarás Pinsean do scéim pinsin cheirde urraithe nuair is ball den scéim an fostaí. Ní gá an uimhir seo a chur i ngach Imeacht Párolla má cuireadh é ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim cheana féin.

Má chuirtear sonraí cearta an fhostaí ar fáil, cinntíonn sé chomh maith go bhfuil taifead ÁSPC cruinn chun críocha teidlíochtaí árachais shóisialaigh a éileamh.

Ina theannta sin, ní mór d'fhostóirí taifead a choinneáil ar na nithe seo a leanas do gach bliain ranníocaíochta:

- méid gach íocaíochta a rinneadh le gach fostaí nó oibrí féinfhostaithe;
- an méid ÁSPC a íocann an fostaí nó an t-oibrí féinfhostaithe
- an líon iomlán ÁSPC atá iníoctha ag an bhfostóir agus an fostaí araon;
- na dátaí tosaithe agus scoir, má tharlaíonn siad sa bhliain ranníocaíochta;
- líon na seachtainí fostaíochta nó féinfhostaíochta; agus
- i gcás fostaí, sonraí a bhaineann:
    - ◊ leis an Aicme agus Fo-aicme. Féach **rannóg 12**: Aicme agus Fo-aicme ÁSPC ag tús na bliana nó ag tús na fostaíochta le linn na bliana sin;
    - ◊ dátaí aon athrú ar Aicme agus Fo-aicme;
    - ◊ an Aicme agus an Fho-aicme nua;
    - ◊ an Aicme agus an Fho-aicme atá infheidhme ag deireadh na bliana ranníocaíochta nó ar scor; agus
    - ◊ líon na seachtainí ag gach Aicme agus Fo-aicme.

I gcás duine féinfhostaithe a thagann faoi réim ÍMAT, stiúrthóirí comhlachta áirithe mar shampla, tá an Aicme agus Fo-aicme ÁSPC faoi réir na gceanglas céanna.

Ní mór d'fhostaithe na taifid seo a choinneáil ar feadh tréimhse sé bliana i ndiaidh dheireadh na bliana cánach dá dtagraíonn siad agus, ar iarratas, iad a chur ar fáil lena n-imscrúdú ag oifigigh údaraithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim nó na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Tabhair faoi deara: Níl bailiú ÁSPC faoi urchosc reachta agus níl imscrúdú teoranta do sé bliana.

## 2: Aitheantas Fostaí

Ní mór Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (PSP) a bheith ag gach fostaí rud nach mór a chur ar fáil ar thíolacthaí párolla. Chun sonraí a fháil i dtaobh conas is féidir le fostaí Uimhir PSP a fháil tabhair cuairt ar **www.gov.ie/ppsn.**

Ba chóir gach iarracht a dhéanamh chun uimhir PSP an fhostaí a fháil láithreach, mar spreagfar idirghabhálacha comhlíontachta ó na Coimisinéirí Ioncaim, má tá mainneachtain leanúnach ann í a fháil.

Ba chóir Uimhir PSP fostaí a chur sa chéad tíolacadh párolla chun a chinntiú go ndéantar an fostaí a shainaithint i gceart agus go gcuirtear na creidmheasanna cánach cuí i bhfeidhm.

Ba chóir d'fhostóirí gach beart réasúnta a ghlacadh le cinntiú go bhfuil an uimhir PSP i gceart agus is féidir leo an seiceálaí Uimhreach PPS a úsáid ar ROS chun í a dheimhniú.

I gcás nach bhfuil Uimhir PSP fostaí ar fáil, ní mór don fhostóir Tagairt Fostaí uathúil a chruthú agus í a thuairisciú ar gach tíolacadh párolla, go dtí go gcuirtear an uimhir PSP in iúl don fhostóir. Ba chóir céadainm, ainm teaghlaigh, dáta breithe agus seoladh an fhostaí a chur ar fáil. Ní mór do na sonraí seo a bheith comhsheasmhach chun an próiseas nasctha a éascú nuair a bheidh an uimhir PSP ar fáil lena chur isteach. Is féidir aon earráid a aithnítear a cheartú (e.g. litriú mícheart ar ainm an fhostaí) i ndiaidh don nascadh a dhéanamh. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan cuardach ar **www.revenue.ie** le haghaidh eolais ar thíolacthaí párolla nó cliceáil **anseo**.

Tabhair faoi deara: Chun obair in Éirinn, ní mór Cead Fostaíochta bailí a bheith ag Náisiúnach neamh-LEE mura bhfuil díolúine faighte acu.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil tabhair cuairt ar:

- **Ceadanna Fostaíochta (www.enterprise.gov.ie).**
- **Cead Cónaithe in Éirinn (www.irishimmigration.ie).**
- **Faisnéis faoi Chearta Fostaíochta (www.workplacerelations.ie).**

## 3: Uimhreacha Aitheantais Fostaithe

Má tá fostaíochtaí iomadúla ag oibrí leis an bhfostóir céanna, tá sé tábhachtach gach ceann de na fostaíochtaí a shainaithint ar leithligh. Tá uimhir Aitheantais Fostaíochta de dhíth do gach fostaíocht, agus ba chóir iontráil ar leithligh a thaifeadadh do gach uimhir Aitheantais Fostaíochta uathúil.

Sampla:

Chun críocha ÁSPC is ionainn oibrí agus ranníocóir fostaithe agus is féidir leis táillí stiúrthóra a fháil freisin. Ba chóir an t-ioncam ó fhostaíocht agus ó tháillí stiúrthóra a thaifeadadh faoi Uimhreacha Aitheantais Fostaíochta ar leithligh. Ba chóir íocaíocht an mhuirir ÁSPC Fostaí agus Fostóra a thaifeadadh faoin uimhir Aitheantais Fostaíochta tiomnaithe. Ba chóir íocaíocht ÁSPC ó ranníocóirí féinfhostaithe a thaifeadadh faoin uimhir Aitheantais Fostaíochta atá tiomnaithe do tháillí stiúrthóra.

Tá uimhir Aitheantais Fostaíochta eile de dhíth i gcás go n-éiríonn oibrí as an bhfostaíocht is go bhfilleann sé ar ais ar an bhfostóir céanna sa bhliain chánach chéanna.

# 4: Dáta Tosaithe agus Dáta Fágála na Fostaíochta

## Dáta Tosaithe

Ceanglaítear ar fhostóirí fostaíochtaí nua a chlárú, i ngach cás, ach amháin más í an chéad **fhostaíocht** atá ag an bhfostaí sa Stát. Ní mór dáta tosaithe na fostaíochta a chur ar fáil do gach fostaíocht nua. Ba chóir don dáta tosaigh a bheith roimh nó ar an gcéad dáta pá don fhostaíocht.

Le cinntiú go bhfuil siad cláraithe i gceart agus go bhfaigheann siad a gcreidmheasanna cánach, ní mór d'fhostaithe a gcéad fhostaíocht sa Stát a chlárú, trí úsáid a bhaint as an tseirbhís **Poist agus Pinsin** ar líne.

## Dáta Fágála

Is ionann an dáta fágála agus an dáta a scoireann fostaí d'fhostaíocht inárachais chun críocha ÁSPC - seans nach ionainn é sin agus an dáta deireanach inar oibrigh siad. Is féidir go mbeidh oibrithe i dteideal pá saoire ag deireadh a gconartha fostaíochta mar shampla. Má amhlaidh atá, is ionann a ndáta fágála agus an dáta ina dtagann a bpá saoire chun críche.

Sampla:

Scoireann Pól den obair Dé hAoine, an 7 Lúnasa agus tá sé i dteideal seachtaine de phá saoire. Is é dáta fágála Phóil atá le cur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim ná Dé hAoine, 14 Lúnasa.

# 5:  Pá do ÁSPC Fostaí

Is é an Pá do ÁSPC an méid d'ioncam fostaí ar a ngearrfar ÁSPC.

Áirítear leis an bPá do ÁSPC Fostaí:

- tuarastal iomlán, pá barúlach, sochair chomhchineáil eile agus sochair neamhairgid, atá incháinithe;
- Luach Saothair Scairbhunaithe. Ní mór méid nó luach an Luacha Saothair Scairbhunaithe a thaifeadadh ar leithligh freisin. Féach **rannóg 9**; agus
- aon íocaíochtaí pinsin a dhéanann fostaí. Ní mór méid na n-íocaíochtaí pinsin a dhéantar a thaifeadadh ar leithligh freisin. Féach **rannóg 7**.

Ní áirítear i bpá do ÁSPC fostaí:

- íocaíochtaí pinsin a dhéanann fostóir. Ní mór méid na n-íocaíochtaí pinsin a dhéantar a thaifeadadh ar leithligh. Féach **rannóg 8**; agus
- ioncam atá díolmhaithe ó ÁSPC. Féach **rannóg 11**.

Tabhair faoi deara: Má íocann oibrí ÁSPC mar ranníocóir féinfhostaithe Aicme S, nó má íoctar táillí stiúrthóra leis/léi, ní mór an t-ioncam seo a chur san áireamh mar Phá do ÁSPC Fostaí amháin. Níor chóir é a chur san áireamh i bPá do ÁSPC Fostóra.

# 6: Pá do ÁSPC Fostóra

Is é an Pá do ÁSPC Fostóra an méid ÁSPC a ghearrfar ar fhostóir bunaithe ar ioncam fostaí.

Áirítear leis an bPá do ÁSPC Fostóra:

- tuarastal iomlán, pá barúlach, sochair chomhchineáil eile agus sochair neamhairgid, atá incháinithe; agus
- aon íocaíochtaí pinsin a dhéanann fostaí san earnáil phríobháideach amháin. Ní mór méid na n-íocaíochtaí pinsin a dhéantar a thaifeadadh ar leithligh freisin. Féach **rannóg 7**.

Ní áirítear i bpá do ÁSPC fostóra:

- íocaíochtaí pinsin a dhéanann an fostóir a fhad is atá siad laistigh de theorainneacha na gCoimisinéirí Ioncaim. Ní mór méid na n-íocaíochtaí pinsin a dhéantar a thaifeadadh ar leithligh. Féach **rannóg 8**;
- íocaíochtaí pinsin a dhéanann fostaithe san earnáil phoiblí. Ní mór méid na n-íocaíochtaí pinsin a dhéantar a thaifeadadh ar leithligh. Féach **rannóg 7**;
- Luach Saothair Scairbhunaithe. Ní mór méid nó luach an Luacha Saothair Scairbhunaithe a thaifeadadh ar leithligh freisin. Féach **rannóg 9**;
- ioncam a íoctar le hoibrí ar ranníocóir féinfhostaithe Aicme S é/í is atá faoi dhliteanas ÁSPC fostaí
- táillí stiúrthóra; agus
- ioncam atá díolmhaithe ó ÁSPC. Féach **rannóg 11**.

# 7: Íocaíocht Pinsin Fostaí

## Pá do ÁSPC Fostaí

Gearrtar ÁSPC fostaí ar íocaíochtaí pinsin a dhéanann fostaithe agus ní mór é a chur san áireamh i bPá do ÁSPC fostaí. Áirítear ar íocaíochtaí Pinsin:

- ranníocaíochtaí aoisliúntais;
- scéimeanna buana sochair sláinte, lena n-áirítear scéimeanna leanúnachais ioncaim;
- Scéimeanna atá faofa ag na Coimisinéirí Ioncaim is a bunaíodh faoi iontaobhais neamh-inchúlghairthe;
- scéimeanna pinsin ó thar lear agus scéimeanna faofa eile atá díolmhaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim;
- Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta agus cistí scoir eile atá faofa ag na Coimisinéirí Ioncaim agus
- íocaíochtaí atá déanta ag fostaithe san earnáil stáit agus phoiblí lena bpinsean (An Laghdú Pinsean-Choibhneasa roimhe seo agus ó 2019, an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise).

Ní mór méid na híocaíochta a dhéanann an fostaí a shonrú ar an tíolacadh párolla mar mhír sonraí ar leithligh.

## Pá do ÁSPC Fostóra

Ba cheart íocaíochtaí pinsin a dhéanann an fostaí i leith gach pinsean fostaíochta san earnáil phríobháideach a chur san áireamh i bPá do ÁSPC Fostóra.

Áirítear ar íocaíochtaí Pinsin:

- ranníocaíochtaí aoisliúntais;

- scéimeanna buana sochair sláinte, lena n-áirítear scéimeanna leanúnachais ioncaim;
- Scéimeanna atá faofa ag na Coimisinéirí Ioncaim is a bunaíodh faoi iontaobhais neamh-inchúlghairthe;
- scéimeanna pinsin ó thar lear agus scéimeanna faofa eile atá díolmhaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim; agus
- Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta agus cistí scoir eile atá faofa ag na Coimisinéirí Ioncaim.

Ba chóir méid na híocaíochta a dhéanann an fostaí a chur ar fáil ar leithligh.

Ní íocann fostóirí san earnáil stáit agus phoiblí ÁSPC Fostóra ar íocaíochtaí pinsin a dhéanann a bhfostaithe (An Laghdú Pinsean-Choibhneasa roimhe seo agus ó 2019, an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise). Níor chóir méid na n-íocaíochtaí seo a chur san áireamh i bPá do ÁSPC fostóra.

Ní mór méid na híocaíochta a dhéanann an fostaí a shonrú ar an tíolacadh párolla mar mhír sonraí ar leithligh.

Sampla a hAon:

Is fostaí í Máire san earnáil phríobháideach a thuilleann €500 in aghaidh na seachtaine ar bhonn seachtainiúil. Déanann Máire íocaíocht €50 óna tuilleamh, in aghaidh na seachtaine, lena pinsean.

Gearrtar ÁSPC ar an tuilleamh iomlán seachtainiúil de €500 le haghaidh Pá do ÁSPC Fostaí agus Pá do ÁSPC Fostóra.

Sampla a Dó:

Is fostaí é Eoin san earnáil phoiblí a fhaigheann a phá go seachtainiúil agus a n-íoctar €500 in aghaidh na seachtaine leis. Déanann Eoin íocaíocht €50 óna thuilleamh, in aghaidh na seachtaine, lena phinsean. Íoctar an asbhaint phinsin seo trí

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise na Seirbhíse Poiblí (ASC).

Gearrtar ÁSPC ar an tuilleamh iomlán seachtainiúil de €500.

I gcás fostaíochtaí san earnáil phoiblí, tá faoiseamh ÁSPC ag ranníocaíochtaí fostaí i dtaca le ÁSPC fostóra a ghearradh. Mar sin, gearrtar ÁSPC fostaí ar €450 (€500 de thuilleamh seachtainiúil lúide €50 ASC).

## 8: Íocaíocht Pinsin Fostóra

Tá faoiseamh ÁSPC i bhfeidhm ar íocaíochtaí a dhéanann an fostóir le pinsean a bhfostaithe. Níor chóir méid na n-íocaíochtaí seo a chur san áireamh i bPá do ÁSPC fostaí ná i bPá do ÁSPC fostóra.

Ní mór méid na híocaíochta a dhéanann an fostóir leis an bhfostaí a shonrú ar an tíolacadh párolla mar mhír sonraí ar leithligh.

## 9: Luach Saothair Scairbhunaithe

Tagraíonn Luach Saothair Scairbhunaithe (LSS) don luach saothair a thugtar d'fhostaí i bhfoirm scaireanna, lena n-áirítear stoic agus urrúis, i gcomhlacht ina bhfuil oifig nó fostaíocht ag an bhfostaí, nó i gcomhlacht atá faoi rialú ag an gcomhlacht úd.

Ní thagann scaireanna in aon chomhlacht eile faoi réim mhíniú LSS.

Tagann gach cineál gnóthachain scair-rogha faoin sainmhíniú ar LSS.

Má fhaigheann fostaí scaireanna, caitear leis mar pheircis chun críocha cánach ioncaim, is iad na rialacha atá infheidhme i dtaca le pá barúlach na rialacha a bhfuil feidhm acu chun críocha ÁSPC. Tá treoir na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le scéimeanna scaireanna ar fáil **anseo**.

I gcás scair-roghanna a fheidhmíonn fostaí, ríomhtar ÁSPC ar an nglanghnóthachan don fhostaí.

Níl ÁSPC inmhuirearaithe ar LSS agus níor chóir é a chur san áireamh i bPá do ÁSPC Fostóra. Tá LSS, seachas gnóthachain ó scair-roghanna áirithe, san áireamh i bPá do ÁSPC Fostaí.

Is ar an mbealach seo a leanas a bhailítear ÁSPC a ghearrtar ar scair-roghanna:

- I gcás gnóthachan scair-rogha Coigil Mar a Thuilltear ina leanann an fostaí air ag obair don fhostóir a d'eisigh an scair-rogha, ní mór an párolla a úsáid chun an ÁSPC ar na gnóthachain seo a asbhaint. Ba chóir méid na ngnóthachan a chur san áireamh i bPá do ÁSPC Fostaí. Níl siad faoi réir ÁSPC Fostóra agus níor chóir iad a chur san áireamh i bPá do ÁSPC Fostóra;
- i gcás gnóthachain scair-rogha Coigil Mar a Thuilltear inar fhág an fostaí an fostóir a d'eisigh an scair-rogha, íocann an fostaí go díreach iad laistigh de 30 lá ón uair a fheidhmíonn siad an rogha chuig:

  An Rannóg Bailithe Speisialta ÁSPC
  An Roinn Coimirce Sóisialaí
  Oifigí Rialtais
  Bóthar Chorcaí
  Port Láirge
  X91 EH04
- I gcás gnóthachain scair-rogha incháinithe, ba chóir ÁSPC a íoc, in éineacht leis an gCáin Ábhartha ar Scair-roghanna agus MSU, go díreach leis na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 30 lá ón lá a fheidhmíonn siad an rogha.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil féach **www.revenue.ie** le haghaidh scéimeanna scaireanna atá faofa ag na Coimisinéirí Ioncaim nó cliceáil **anseo**.

Sampla:

Tosaíonn Eoin, atá 63 bliain d'aois, ag obair le ABC Teo. Is é €25,000 a thuarastal bliantúil. Faigheann sé luach €5,000 de scaireanna in ABC Teo. freisin. Is é €30,000 an Pá do ÁSPC Fostaí. Is é €25,000 an Pá do ÁSPC Fostóra. Ní chuirtear an luach €5,000 de scaireanna san áireamh i bPá do ÁSPC Fostóra.

## 10: Orduithe Eisiaimh

I gcás fostaí a oibríonn in Éirinn ach atá ag obair thar lear ar bhonn sealadach, seans go mbeidh air nó í cánacha a íoc sa tír ina bhfuil sé nó sí i mbun na ndualgas oibre sin. I gcásanna den sórt sin, is féidir cur isteach ar Ordú Eisiaimh ÁSPC ó na Coimisinéirí ioncam, rud a chuireann deireadh leis an gceanglas atá ar an bhfostóir ÁSPC agus MSU a asbhaint ar feadh na tréimhse ina bhfuiltear ag obair thar lear.

Mar sin féin, is féidir le fostaithe atá ag obair thar lear ceangal a choinneáil le hárachas sóisialach Éireannach don tréimhse sin. Ní mór an méid seo a leanas a bheith mar fhianaise ar cheangal leanúnach le hárachas sóisialach Éireannach le linn tréimhsí oibre sealadaí a chaitheamh thar lear:

- Doiciméad Iniompartha A1 arna eisiúint faoi Rialachán an AE 883/2004, ina ndearbhaítear go bhfuil ceangal leis an gcóras árachais shóisialaigh Éireannach
- deimhniú clúdaigh faoi Chomhaontú Slándála Sóisialta Déthaobhach a léiríonn ceangal leis an gcóras árachais shóisialaigh Éireannach agus
- fógra arna eisiúint faoi reachtaíocht náisiúnta, ina ndeimhnítear gur choinnigh oibrí ceangal leis an árachas sóisialach Éireannach.

Ní mór d'fhostóirí leanúint orthu ag eisiúint tuairisceáin ÁSPC in Éirinn d'fhostaithe a bhfuil Orduithe Eisiaimh ÍMAT acu má tá ceangal ag an bhfostaí sin fós le hárachas sóisialach Éireannach. Sna cásanna sin, níor cheart d'fhostóirí deireadh a chur le fostaíocht na bhfostaithe sin ar a gcóras párolla, ach ní mór dóibh leanúint orthu ag asbhaint ÁSPC tríd an bpárolla mar is gnáth.

I bhformhór mór na gcásanna, is féidir leanúint orthu ag íoc ÁSPC atá dlite in Éirinn faoi mar atá leagtha amach. Mar sin féin, i gcásanna nach bhfuil rochtain ag an bhfostóir ar phárolla Éireannach agus go bhfuil ÁSPC fós dlite go héigeantach in Éirinn,

ní mór ÁSPC a íoc go díreachchuig an Roinn Coimirce Sóisialaí faoifhorálacha speisialta bailiúcháin. Tá tuilleadh comhairle faoi seo agus faoi chásanna bailiúcháin speisialta eile ar fáil ó:

An Rannóg Bailithe Speisialta ÁSPC
An Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bóthar Chorcaí
Port Láirge
X91 EH04

Guthán: 0818 690 690 nó (01) 471 5898.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gcóras bailithe speisialta ÁSPC tabhair cuairt ar **www.gov.ie/PRSIspecialcollection.**

# 11: Ioncam Díolmhaithe ó ÁSPC

## Fostaí Díolmhaithe

Tá roinnt cásanna ann ina bhféadfadh nach mbeadh fostaithe faoi dhliteanas ÁSPC a íoc in Éirinn. Áirítear leo siúd:

- oibrithe atá curtha ar post go hÉirinn ar bhonn sealadach agus ar eisigh an t-údarás cuí ina dtír dhúchais ceann díobh seo a leanas ina leith:
    - ◊ Doiciméad A1 Inaistrithe ó bhallstát den AE;
    - ◊ deimhniú clúdaigh faoi Chomhaontú Slándála Sóisialta Déthaobhach; agus
    - ◊ fógra díolúine d'oibrithe atá curtha ar post, seachas na cinn a léiríodh thuas.
- fostaíocht ball áirithe teaghlaigh;
- fostaithe atá faoi 16 bliana d'aois; agus
- fostaithe agus oibrithe féinfhostaithe os cionn aois an phinsin agus iad siúd a rugadh ar nó tar éis 1 Eanáir 1958 idir 66 agus 70 bliain d'aois nár dámhadh an Pinsean Stáit (Ranníocach) orthu.

I ngach cás nuair nach gceanglaítear ar an bhfostaí nó nach bhfuil sé/sí faoi dhliteanas ÁSPC a íoc, ní mór don fhostóir:

- a chur in iúl go bhfuil an t-oibrí díolmhaithe ó ÁSPC;
- cúis na díolúine ó ÁSPC a chur in iúl;
- ní mór don fhostaí Aicme M a chur isteach in Aicme ÁSPC (Aicme J má rugadh an fostaí ar an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin idir 66 agus 70 bliain d'aois agus gur dámhadh an Pinsean Stáit (Ranníocach) air;
- an líon seachtainí Fostaíochta Inárachais a chur isteach lena mbaineann an díolúine ó ÁSPC; agus
- '0' a chur isteach le haghaidh Pá do ÁSPC Fostaí agus Pá do ÁSPC Fostóra, de réir mar is cuí.

## Ioncam Díolmhaithe ó ÁSPC

I gcás go bhfuil cuid den ioncam nó an t-ioncam iomlán a íoctar le fostaí díolmhaithe ó ÁSPC, níor chóir don fhostóir méid an ioncaim dhíolmhaithe a chur san áireamh i bPá don ÁSPC Fostaí nó i bPá don ÁSPC Fostóra.

I gcás go bhfuil an méid iomlán díolmhaithe ón ÁSPC, ní mór don fhostóir:

- Aicme M a chur isteach in Aicme ÁSPC;
- líon na seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais a chur isteach lena mbaineann an díolúine ó ÁSPC; agus
- '0' a chur isteach le haghaidh Pá do ÁSPC Fostaí agus Pá do ÁSPC Fostóra.

I gcás go bhfuil meascán d'ioncam díolmhaithe agus ioncam atá faoi dhliteanas ÁSPC san íocaíocht a dhéantar leis an bhfostaí, ní mór don fhostóir:

- gan ach an méid ar a bhfuil ÁSPC inmhuirearaithe a chur isteach, i bPá do ÁSPC Fostaí nó Pá do ÁSPC Fostóra, de réir mar is cuí;
- gan an méid ioncaim atá díolmhaithe a chur isteach, i bPá do ÁSPC Fostaí nó Pá do ÁSPC Fostóra;
- an Aicme M agus an Aicme ÁSPC atá oiriúnach don ioncam ar a ghearrtar an ÁSPC a chur isteach in Aicme ÁSPC;
- an líon seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais a chur isteach atá oiriúnach don ioncam atá faoi dhliteanas ÁSPC; agus
- an líon seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais a chur isteach atá oiriúnach don ioncam nach bhfuil faoi dhliteanas ÁSPC.

I gcás go bhfaigheann fostaí ioncam, agus go bhfuil cuid de faoi dhliteanas ÁSPC faoi aicme ÁSPC aonair agus go bhfuil cuid eile de díolmhaithe, níl uimhreacha Aitheantais Fostaíochta ar leithligh ag teastáil. Ní theastaíonn uimhreacha Aitheantais Fostaíochta ar leithligh ach amháin i gcás go bhfuil an dá chineál ioncaim faoi réir mhuirear ÁSPC. Féach **rannóg 3**.

Sampla:

Tá Eoin, in aois 63 bliain, i ndiaidh éirí as a bheith ag obair le DEF Teo. ach tá ag leanúint air mar stiúrthóir. Is iad na híocaíochtaí atá á ndéanamh go díreach le hEoin ná:

- táille stiúrthóir ar luach €100 in aghaidh na seachtaine. tá ÁSPC Aicme S inmhuirearaithe ar tháillí stiúrthóra; agus
- pinsean ceirde de €200 in aghaidh na seachtaine, atá díolmhaithe ó ÁSPC.

Cuirtear €100 isteach i bPá do ÁSPC Fostaí i leith na dtáillí stiúrthóra, atá faoi réir ÁSPC Aicme S. Ní thaifeadtar pinsean Eoin de €200 in aghaidh na seachtaine i bPá do ÁSPC Fostaí ós rud é go bhfuil sé díolmhaithe ó ÁSPC. Cuirtear Aicmí S agus M (a thaifeadtar i gcás ioncaim dhíolmhaithe) isteach in Aicme ÁSPC agus cuirtear seachtain amháin d’Fhostaíocht Inárachais isteach i gcomhair na seachtaine sin do gach Aicme ÁSPC.

# 12: Aicmí agus Fo-aicmí ÁSPC

Ní mór an Aicme agus Fo-Aicme cheart ÁSPC a thaifeadadh.

Cinnfidh an Aicme ÁSPC cén ráta ar a ngearrfar ÁSPC.

Braithfidh an Aicme ÁSPC a úsáidfear ar nádúr na fostaíochta. Tá sonraí faoi na hAicmí ÁSPC le fáil ar na chéad leathanaigh eile.

## Aicmí ÁSPC

Go ginearálta, beidh an Aicme ÁSPC ar cheann de na cinn seo a leanas:

- Baineann Aicme A le fostaithe san earnáil phríobháideach agus státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí a earcaíodh ar nó i ndiaidh an 6 Aibreán 1995;
- Baineann Aicmí B, C, agus D le státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995;
- Baineann Aicme E le Ministrí Reiligiúin atá fostaithe ag Comhlacht Ionadaíoch Eaglais na hÉireann
- Baineann Aicme H le hOifigigh Neamhchoimisiúnaithe agus pearsanra liostáilte de chuid na bhFórsaí Cosanta;
- Baineann Aicme J le roinnt catagóirí fostaithe nach bhfuil árachaithe chun críocha ÁSPC ar shlí eile, ach atá árachaithe le haghaidh Sochair Díobhálacha Ceirde, amhail:
    - ◊ daoine i bhfostaíocht tionscail, tráchtála agus seirbhíse atá fostaithe faoi chonradh seirbhíse agus a bhfuil olltuilleamh de €38 in aghaidh na seachtaine nó níos lú acu ó gach fostaíocht;
    - ◊ daoine faoi árachas le haghaidh Sochair Díobhálacha Ceirde amháin;
    - ◊ daoine ar fho-fhostaíocht í a bhfostaíocht nó ar mionfhostaíocht í a bhfostaíocht de réir mar a shonraítear i rialacháin;
    - ◊ freastalaithe ag scrúduithe na Roinne Oideachais agus Scileanna

  - oifigigh cheannais agus cléirigh vótála le linn toghchán; agus
  - Na hÓglaigh Cúltaca, amhail an seanFhórsa Cosanta Áitiúil agus an Slua Muirí, ar champaí traenála ar an gcuntar go maireann an cúrsa níos lú ná trí seachtaine as a chéile.
- Baineann Aicme K le sealbhóirí oifige poiblí áirithe a bhfuil ioncam os cionn €100 in aghaidh na seachtaine acu. San áireamh ar shealbhóirí oifige, tá:
  - An tUachtarán, comhaltaí an Oireachtais, na breithiúna, breithiúna míleata áirithe, an tArd-Aighne, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus feisirí áirithe de chuid Pharlaimint na hEorpa. Déanann na sealbhóirí oifige seo ranníocaíocht ar ráta 4%;
  - Tá dliteanas ÁSPC nialasach ag aon duine de na sealbhóirí oifige poiblí sonraithe seo a thuilleann €5,200 sa bhliain nó níos lú, is é sin le rá €100 nó níos lú in aghaidh na seachtaine – féach Aicme M; agus
  - Baineann Aicme K freisin le ranníocóirí ar ráta modhnaithe, mar shampla, státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, a bhfuil ioncam tuillte féinfhostaithe acu ó ghairm nó ó cheird, agus aon ioncam neamhthuillte eile, amhail ioncam cíosa, ioncam infheistíochta, díbhinní agus ús ar thaiscí agus ar choigilteas.
  - Baineann Aicme K uaireanta le hioncam neamhthuillte aon ranníocóirí fostaithe agus pinsinéirí ceirde atá faoi bhun 66 bliain d'aois i gcás inarb é seo an t-aon ioncam breise atá acu.
- Baineann Aicme M le daoine nach bhfuil faoi dhliteanas ranníocaíochta amhail:
  - fostaithe atá faoi 16 bliana d'aois;
  - daoine a fhaigheann Pinsean Stáit (Ranníocach), nó daoine atá 70 bliain d'aois nó níos sine lena n-áirítear iad siúd a bhí faoi dhliteanas i leith Aicme S roimhe seo;

- ◊ daoine a fhaigheann pinsin ghairme nó íocaíochtaí foirceanta cnapshuime ar an gcuid sin den ioncam amháin; agus
- ◊ daoine laistigh d'Aicme K a bhfuil dliteanas nialasach orthu, is é sin le rá sealbhóirí oifige poiblí a bhfuil ioncam seachtainiúil acu atá níos lú ná €100 sa tseachtain.

Cásanna nuair nach cóir Aicme M a thaifeadadh ná:

- ◊ ar Luach Saothair Scairbhunaithe. Ní ghearrtar ÁSPC Fostóra ar Luach Saothair Scairbhunaithe, ach gearrtar ÁSPC Fostaí. Ní ceart Aicme M a chur isteach. Ba chóir an Aicme ÁSPC atá oiriúnach don fhostaíocht sin, is é sin Aicme A, a chur isteach agus
- ◊ I gcás nach bhfuil ÁSPC Fostaí iníoctha, mar shampla, tá tuilleamh seachtainiúil níos lú ná €352, tá ÁSPC Fostóra iníoctha. Ní ceart Aicme M a chur isteach. Ba chóir an Aicme ÁSPC atá oiriúnach don fhostaíocht sin, is é sin Aicme AO, a chur isteach.

- Baineann Aicme P le ÁSPC breise roghnach a íocann Scair-Iascairí mar mhalairt ar chlúdach sochair ghearrthéarmaigh feabhsaithe. Íoctar Aicme P sa bhreis ar ÁSPC a íoctar ar Aicme S.
- Baineann Aicme S le hoibrithe ar ranníocóirí féinfhostaithe iad chun críocha ÁSPC, mar shampla, stiúrthóirí comhlachtaí áirithe, agus le hioncam a fhaightear i bhfoirm táillí stiúrthóra. Áirítear le hAicme S, ioncam a ghnóthaítear ó ghairm nó ceird agus ioncam féinfhostaithe neamhthuillte amhail ioncam ó infheistíochtaí agus cíosanna. Ón 1 Eanáir 2017, baineann Aicme S le hioncam a íoctar le baill d'údarás áitiúil. Tá an ranníocaíocht bhliantúil íosta i gcomhair Aicme S ag €500.

## Fo-aicme ÁSPC

Laistigh de gach Aicme ÁSPC, is féidir feidhm a bheith ag Fo-aicmí éagsúla, ag brath ar mhéid an tuillimh sheachtainiúil.

Má tá Fo-aicmí éagsúla ann mar thoradh ar Phá do ÁSPC Fostaí agus Pá do ÁSPC Fostóra, ba chóir Fo-aicme an fhostaí a aighniú.

Bíonn an socrú seo i gceist chomh maith nuair a íocann fostóir pá saoire nuair a éiríonn fostaí as an bpost.

Chun sonraí iomlána a fháil ar Aicmí ÁSPC, Fo-aicmí agus na rátaí muirir tabhair cuairt, le do thoil, ar **www.gov.ie/prsi.**

# 13: An Muirear ÁSPC

Ón uair a chinntear an Aicme ÁSPC d'fhostaíocht ar leith, gearrfar agus aighneofar an ráta ÁSPC atá infheidhme don Aicme sin. Cinntear an Fho-aicme ÁSPC ón méid a thuilltear, mar shampla, má thuilleann an fostaí €340 in aghaidh na seachtaine cuirtear Fo-aicme AO isteach, ach má mhéadaíonn tuilleamh an fhostaí go €360, cuirtear Aicme AX isteach.

I gcás go bhfuil fo-aicmí éagsúla ag an bhfostaí agus an fostóir, ní mór an Aicme atá infheidhme don fhostaí a chur isteach.

Sampla:

Is fostaí san earnáil phoiblí é Seán a ndéantar íocaíocht leis gach seachtain is a thuilleann €450 in aghaidh na seachtaine. San áireamh sa tuilleamh seo tá €50 ó Luach Saothair Scairbhunaithe (LSS).

Tá an LSS seo faoi dhliteanas ÁSPC Fostaí ach níl sé faoi dhliteanas ÁSPC Fostóra. Mar sin, is ionann Pá do ÁSPC Fostaí agus €450 agus is ionann Pá do ÁSPC Fostóra agus €400. Ba chóir d'fhostóir Sheáin tuairisceán ÁSPC a dhéanamh a léiríonn gurb í Aicme A1 Fo-aicme Sheáin, agus tuilleamh aige os cionn €441.

Chun sonraí iomlána a fháil ar Aicmí ÁSPC, Fo-aicmí agus na rátaí muirir tabhair cuairt, le do thoil, ar **www.gov.ie/prsi.**

## Ranníocóirí Fostaithe

Gearrtar ÁSPC do ranníocóirí fostaithe, Aicmí A, B, C, D, E, H agus J, ar bhonn "seachtaine amháin" nó neamhcharnach. Ciallaíonn sé seo go bhfuil ríomh ÁSPC bunaithe ar an méid a íoctar le fostaí do sheachtain ar leith amháin agus nach gcuirtear san áireamh íocaíochtaí a dhéantar i leith aon tréimhsí eile.

Ní hionann é seo agus ríomh na ndliteanas le haghaidh cáin ioncaim agus MSU a ríomhtar ar bhonn carnach nó bliantúil.

Sampla:

Má íoctar fostaí ar bhonn coicísiúil nó míosúil, ríomhtar an muirear ÁSPC ar an méid a íoctar leis a bhfostaí i leith gach seachtaine inar oibrigh siad le linn na coicíse nó míosa. Cuirtear an ráta cuí ÁSPC fostaí, agus fostóra más cuí, i bhfeidhm, bunaithe ar mhéid an tuillimh sheachtainiúil.

Is sampla é an tábla seo a leanas ina leagtar amach an t-athrú ar Aicme/Fo-aicme ÁSPC i dtréimhse ceithre seachtaine ina athraíonn ioncam seachtainiúil.

| Seachtain | Pá Comhlán | Aicme agus Fo-aicme ÁSPC | Ráta ÁSPC Fostaí | Muirear ÁSPC Fostaí | Ráta ÁSPC Fostóra | Muirear ÁSPC Fostóra |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | €350 | AO | 0% | €0.00 | 8.8% | €30.80 |
| 2 | €375 | AX | 4%* | €6.83* | 8.8% | €33.00 |
| 3 | €426 | AL | 4% | €17.04* | 8.8% | €37.49 |
| 4 | €447 | A1 | 4% | €17.88 | 11.05% | €49.39 |

*Baineann an Creidmheas ÁSPC leis an muirear ÁSPC Fostaí. Laghdaíonn an Creidmheas ÁSPC an muirear ÁSPC Fostaí dóibh siúd a thuilleann idir €352.01 agus €424.00.

Má tá fostaí ag obair d'fhostóirí éagsúla sa tseachtain cánach ioncaim chéanna, ba chóir do gach fostóir a chinntiú go ndéantar na ranníocaíochtaí ar an ráta céatadáin atá infheidhme don fhostaíocht a bhaineann leis/léi féin amháin.

Tagann an muirear ÁSPC chun cinn ag an am ina n-íocann an fostóir an fostaí as a chuid nó a cuid oibre. Tagraíonn an tSeachtain d'Fhostaíocht Inárachais don tseachtain ina ndearnadh an obair.

Mar shampla, íoctar fostaí i mí an Mhárta 2024 as obair a rinneadh ó mhí na Nollag 2023 go mí Eanáir 2024. Is é an ráta ÁSPC atá infheidhme ná ráta mhí an Mhárta 2024. Ba chóir líon cuí na seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais a chur isteach i gcomhair 2023 agus 2024. Chun sonraí a fháil maidir le conas na seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais a aighniú féach **rannóg 15**.

Tá fostaíochtaí ann atá eisiata go sonrach ó ÁSPC faoi rialacháin Leasa Shóisialaigh. Is iad na fostaíochtaí sin ná:

- fostaíocht i seirbhís chéile nó pháirtnéara shibhialta an duine fhostaithe;
- fostaíocht ócáideach seachas chun críocha cheird nó ghnó an fhostóra, agus ar shlí eile seachas chun críocha cluiche nó áineasa ina bhfuil na daoine atá á bhfostú fruilithe nó íoctha ag club; agus
- Fostaíocht ag gaol forordaithe leis an duine fostaithe, is fostaíocht i gcomhbhaile an fhostóra agus an duine fhostaithe nó fostaíocht a bheidh sonraithe le rialacháin a bheith ar comhréir le fostaíocht i gcomhbhaile an fhostóra agus an duine fhostaithe.

Ní ghearrtar ÁSPC agus taifeadtar Aicme M do na fostaíochtaí seo.

Tá tuilleadh sonraí ar fhostaíocht ag gaol ar fáil ag **www.gov.ie/PRSIfamilyemployment.**

Má tá aon amhras ann i dtaca le hinárachaitheacht aon fhostaí, téigh i dteagmháil le Rannóg Scóipe na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Pléann an Rannóg Scóipe le fostóirí agus fostaithe, nó lena n-ionadaithe, a bhfuil sé de rogha acu a iarraidh go bhfiosrófaí fostaíocht le cinntiú go bhfuil an aicme chuí ÁSPC i bhfeidhm. Is féidir le Cigirí Leasa Shóisialaigh cásanna a aithint freisin i gcaitheamh a n-oibre imscrúdaithe a éilíonn fiosrú ón Rannóg Scóipe. D'fhéadfadh cásanna inárachaitheachta teacht chun cinn le linn éilimh a phróiseáil. Is féidir le réimse Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta na Roinne Coimirce Sóisialaí deimhniú inárachaitheachta a iarraidh chomh maith. I gcás go bhfuil amhras ann, déanfaidh Oifigeach Breithiúnachta ón Rannóg Scóipe an cás a bhreithniú go foirmiúil.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Scóipe ag:

Guthán: (01) 673 2585

Ríomhphost: scope@welfare.ie

Scríobh: An Roinn Coimirce Sóisialaí, An 5ú hUrlár, Áras Mhic Dhiarmada, Sráid an Stórais, Baile Átha Cliath 1, D01 WY03.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Rannóg Scóipe tabhair cuairt ar **www.gov.ie/insurability.**

## Ranníocóirí Féinfhostaithe

Is iondúil go gcuireann oibrithe ar ranníocóirí féinfhostaithe iad tuairisceáin ÁSPC isteach faoi Aicme S. Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi ranníocóirí Aicme S, féach ar **alt 12**.

Déantar an muirear ÁSPC a ríomh ar bhonn carnach bliantúil, ar an gcaoi chéanna le cáin ioncaim agus MSU.

Má tá an t-ioncam bliantúil atá ag duine féinfhostaithe ó gach foinse níos mó ná €5,000, tagann siad faoi dhliteanas ÁSPC Aicme S. Ón uair a dhéantar an dliteanas ÁSPC sin a urscaoileadh, leagtar líon iomlán bliantúil le 52 ranníocaíocht Aicme S ar an duine sin. Tá an ranníocaíocht bhliantúil íosta i gcomhair Aicme S ag €500.

## 14: Seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais

Ba chóir líon na seachtainí ina n-oibríonn fostaí agus as a bhfaigheann siad pá, pá i leith saoire san áireamh, a thaifeadadh faoi líon Fostaíochtaí Inárachais.

Níor chóir ach ranníocaíocht amháin a thaifeadadh le haghaidh gach seachtaine d'Fhostaíocht Inárachais ina raibh an fostaí ag obair agus ina bhfuair sé/sí íocaíocht. Chun críocha ÁSPC, d'fhéadfadh an tseachtain d'fhostaíocht inárachais a bheith difriúil ón tseachtain phá. Tosaíonn an tseachtain d'fhostaíocht inárachais ar an 1 Eanáir gach bliain agus leanann sé air i dtréimhsí leanúnacha seacht lá. Mar shampla, tosaíonn seachtain 1 ar an 1 Eanáir, seachtain 2 ar an 8 Eanáir agus mar sin de.

I gcás go gcuirtear pá saoire san áireamh le híocaíocht reatha, tá sé tábhachtach an Fho-aicme cheart a chinneadh do gach seachtain ar leithligh dá dtagraíonn an tuarastal agus an pá saoire.

Sampla:

Is fostaí de chuid GHI Teo. í Máiréad agus faigheann sí €350 in aghaidh na seachtaine. Tá sé ag glacadh saoire coicíse agus faigheann sé pá saoire dhá sheachtain roimh ré, sa bhreis ar an tuarastal atá aici don tseachtain reatha. San iomlán fuair sí €1,050 an tseachtain sin.

Baineann an íocaíocht €1,050 le trí seachtaine d'fhostaíocht inárachais, is é sin €350 in aghaidh na seachtaine, mar sin ní mór trí seachtaine d'Fhostaíocht Inárachais a chur isteach faoi Aicme AO.

Má fhaigheann fostaí páirtaimseartha íocaíocht i leith tréimhse nuair nach raibh siad ag obair, agus go ndéantar an íocaíocht gach seachtain ar bhonn pro rata; níor chóir seachtain d'Fhostaíocht Inárachais a thaifeadadh don tseachtain nach raibh siad ag obair. Níor chóir ach na seachtainí ina raibh an fostaí ag obair a thaifeadadh.

Mar shampla, i gcás go n-oibríonn fostaí seachtain amháin is nach oibríonn sé/sí seachtain eile is go bhfaigheann an fostaí €1,000 gach ceithre seachtaine, leagtar amach sa tábla seo a leanas líon na Seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais ar chóir a chur isteach.

| Seachtain | Uaireanta a Oibríodh | Ráta pá in aghaidh na huaire | Ollioncam | Aicme ÁSPC a cuireadh isteach | Seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 20 | €25 | €500 | A1 | 1 |
| 2 | 0 | 0 | 0 | n/b | n/b* |
| 3 | 20 | €25 | €500 | A1 | 1 |
| 4 | 0 | 0 | 0 | n/b | n/b* |

*Ní chuireann an fostóir Aicme ÁSPC nó seachtain d'Fhostaíocht Inárachais isteach in aon seachtain ÁSPC nach ndéantar íocaíocht inti.

Sa chás sin, ba chóir don fhostóir an ráta ÁSPC a chur isteach mar dhá sheachtain Aicme A1 d'Fhostaíocht Inárachais. Tá sé seo i bhfeidhm freisin i gcás go n-oibríonn fostaí seachtain amháin is nach n-oibríonn an tseachtain eile, is go bhfaigheann sé/sí íocaíocht gach ré seachtain.

I gcás go gcuirtear ÁSPC i bhfeidhm ar chúlíocaíocht i leith tréimhse roimhe sin inar taifeadadh seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais di cheana féin, is é sin ardú/pá bónas atá siarghabhálach as réamhsheirbhís, níor chóir seachtain bhreise d'Fhostaíocht Inárachais a chur isteach. Nuair is cúlíocaíocht í an t-aon íocaíocht atá á déanamh agus á cur isteach sa tréimhse reatha, ba chóir "0" seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais a chur isteach.

I gcás go dtosaíonn fostaí ar fhostaíocht i lár na míosa, níor chóir do líon na seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais a chuirtear isteach ach na seachtainí a d'oibrigh an fostaí ó thosach na fostaíochta a léiriú.

Ar an gcaoi chéanna, má fhágann an fostaí roimh dheireadh na míosa, níor chóir do líon na seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais a chuirtear isteach ach na seachtainí a d'oibrigh an fostaí sular imigh sé nó sí, tréimhse saoire pá san áireamh, a léiriú.

## 15: Taifead ceart agus Tuairisceán ar Sheachtainí d’Fhostaíocht Inárachais

Ba chóir seachtainí d’Fhostaíocht Inárachais a thaifeadadh agus a chur isteach chun an tréimhse ina raibh an fostaí ag obair a léiriú.

Sa ghnáthchúrsa, baineann na seachtainí d’Fhostaíocht Inárachais a chuirtear isteach leis an tréimhse ina ndearnadh an obair agus ina ndearnadh íocaíocht leis an bhfostaí. Léireofar i líon na seachtainí d’Fhostaíocht Inárachais líon na seachtainí sa tréimhse sin inar oibrigh an fostaí agus as a bhfuair sé nó sí íocaíocht.

I gcás inar oibrigh fostaí ar feadh seachtain amháin i dtréimhse íocaíochta, ní thaifeadfar ach seachtain amháin d’Fhostaíocht Inárachais. Más amhlaidh gur oibrigh siad ar feadh dhá sheachtain, taifeadfar dhá sheachtain d’Fhostaíocht Inárachais, agus mar sin de.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb ionann líon na seachtainí d’Fhostaíocht Inárachais ar gá tuairisceán a thabhairt ina leith agus líon na seachtainí d’fhostaíocht sa tréimhse íocaíochta sin amháin. **Tá sé riachtanach nach dtugann fostóirí an líon carnach seachtainí sa bhliain ar ais, mar shampla 52, nó uimhir na seachtaine nuair a bhíonn tuairisceáin á gcur isteach acu ach líon na seachtainí fostaíochta sa tréimhse phá.**

I gcás go ndéantar íocaíocht i leith seachtainí a oibríodh roimh an mí reatha, ach sa bhliain féilire chéanna léi, agus nár cuireadh na seachtainí d’Fhostaíocht Inárachais san áireamh sa tuairisceán roimhe seo, ba chóir na seachtainí d’Fhostaíocht Inárachais a chur isteach sa tuairisceán reatha. Níl feidhm aige seo ach amháin má tharlaíonn na seachtainí a oibríodh, ach nár cuireadh isteach, sa bhliain ranníocaíochta (féilire) chéanna.

Mar shampla, i gcás go n-íoctar fostaí i mí an Mheithimh 2024 as 13 seachtaine a oibríodh i mí Eanáir, mí Feabhra agus mí an Mhárta 2024, ba chóir 13 seachtain d'Fhostaíocht Inárachais a chur isteach i mí an Mheithimh 2024.

I gcás inar thosaigh an fhostaíocht i mbliain féilire roimhe sin agus gur lean sí ar aghaidh isteach sa bhliain reatha agus go ndearnadh íocaíocht as an obair sin sa bhliain reatha, ba cheart líon na seachtainí d'Fhostaíocht inárachais a chuirtear isteach a leithdháileadh go cruinn idir an dá bhliain féilire ranníocaíochta.

Mar shampla, má íoctar fostaí i mí an Mhárta 2024 i leith 8 seachtaine oibre a rinneadh i mí na Nollag 2023 (4 seachtaine) agus Eanáir 2024 (4 seachtaine), ba cheart go mbeadh líon na seachtainí d'Fhostaíocht inárachaithe a thugtar ar ais i Márta 2024 ná 4 (maidir le 4 seachtaine oibrithe i mí Eanáir 2024). Beidh sé riachtanach tuairisceán mhí na Nollag 2023 a cuireadh isteach cheana féin chuig na Coimisinéirí Ioncaim a leasú chun na 4 seachtaine d'Fhostaíocht inárachais a oibríodh i mí na Nollag 2023 a thaifeadadh. Chun sonraí a fháil maidir le conas tuairisceán ó bhliain roimhe a leasú féach **rannóg 16**.

## 16: Ceartúcháin

Maidir le rialacha a bhaineann le gearríocaíocht nó ró-íocaíocht ÁSPC agus le hearráidí a thuairisciú, earráidí san áireamh a bhaineann le seachtainí d'Fhostaíocht Inárachais agus faisnéis eile a bhaineann le ÁSPC, mionsonraítear iad i:

- le haghaidh soláthraithe bogearraí: **Rialacha le haghaidh Ceartúcháin Míreanna Líne**.
- d'fhostóirí: **Treoir maidir le ráitis agus fadhbanna coitianta a réiteach nuair a thagann difríochtaí chun cinn** - pointe 5, Ceartúcháin a Dhéanamh.

### Sampla de Ró-íocaíocht

Más rud é go bhfuair fostaí ró-íocaíocht i dtaca lena thuarastal le linn phróiseas párolla an fhostóra, ba chóir an ceartúchán chun an ró-íocaíocht a aisghabháil a shocrú sa chéad imeacht párolla eile.

Íoctar €500 sa tseachtain le Pól. I seachtain 1, fuair sé €100 sa bhreis as ragobair a dhéanamh ach earráid a bhí ann mar nach ndearna sé ragobair. Mar sin féin, íocadh €600 leis seachas an méid ceart €500.

Aisghabhann fostóir Phóil an ró-íocaíocht de €100 sa chéad imeacht párolla eile. Faigheann Pól €500 in aghaidh na seachtaine, mar sin i Seachtain 2 laghdófar a phá comhlán go €400. Ar an mbealach seo, beidh taifead na gCoimisinéirí Ioncaim ar phá agus asbhaintí reachtúla Phóil i gcomhréir leis an méid a bhí sa tíolacadh i dtaca le Pól do gach ceann den dá sheachtain.

### Sampla Gearríocaíochta

Más rud é gur gearríocadh fostaí in imeacht párolla, ba chóir ceartú na gearríocaíochta a cheartú sa chéad imeacht párolla eile.

Íoctar €500 sa tseachtain le Máire. I Seachtain 1, rinne Máire ragobair, rud a d’fhág gur chóir €100 eile a bheith íoctha léi, le ceart. Mar sin féin, níor cuireadh an t-oibreoir párolla ar an eolas in am agus níor íocadh ach €500 léi in áit €600.

Íocann fostóir Mháire €100 léi as an ragobair a rinne sí sa chéad imeacht párolla eile. Is ionann pá comhlán Mháire agus €500 in aghaidh na seachtaine, mar sin méadaítear a pá comhlán go €600 i Seachtain 2 chun an ghearríocaíocht a cheartú. Ar an mbealach seo, beidh taifead na gCoimisinéirí Ioncaim ar phá agus asbhaintí reachtúla Mháire i gcomhréir leis an méid a bhí sa tíolacadh i dtaca le Máire do gach ceann den dá sheachtain.

## 17: Aisíocaíochtaí ÁSPC

Is féidir aisíocaíochtaí ÁSPC a dhéanamh le fostóirí agus fostaithe i gcás gur íocadh ranníocaíochtaí trí dhearmad.

Ní féidir iarratais ar aisíocaíochtaí a dhéanamh níos luaithe ná an lá deireanach den bhliain ranníocaíochta ina ndearnadh na ranníocaíochtaí atá i gceist.

Ní mór iarratas ar aisíocaíocht ÁSPC a dhéanamh faoi cheann ceithre bliana ón lá deireanach den bhliain ranníocaíochtaí ina ndearnadh na ranníocaíochtaí atá i gceist.

I gcásanna ina bhfuil aisíocaíocht dlite, seans gur gá taifead árachais shóisialaigh an duine lena mbaineann a leasú.

Is féidir le fostaí, fostóir nó a gcuntasóir, na Coimisinéirí Ioncaim, Oifig Seirbhísí Pinsin nó Rannóg na Scóipe de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí iarrataí ar aisíocaíochtaí a thionscnamh.

Chun iarratas a dhéanamh ar Aisíocaíocht ÁSPC ar líne, tabhair cuairt ar **www.MyWelfare.ie.**

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar Aisíocaíochtaí ÁSPC ach cuairt a thabhairt **www.gov.ie/PRSIrefunds.**

# 18: Pionóis mar gheall ar Mhainneachtain Ranníocaíochtaí ÁSPC a Chomhlíonadh

Leagtar síos sa dlí dualgais agus freagrachtaí an Fhostóra i dtaca le hasbhaintí agus tíolacadh ÁSPC.

Má dhéantar mainneachtain i dtaca leis na ceanglais dhlíthiúla seo, beidh iarmhairtí tromchúiseacha ann d'fhostóirí lena n-áirítear:

- imeachtaí cúirte chun ÁSPC a aisghabháil mar fhiach don Stát; agus
- an Roinn Coimirce Sóisialaí a aisíoc as aon íocaíocht coimirce sóisialaí a íocadh le fostaí mar gheall ar mhainneachtain fostóra:
    - ◊ ÁSPC a íoc thar a c(h)eann),
    - ◊ faisnéis chruinn a thabhairt, nó
    - ◊ taifid chruinne a choinneáil.

Tá na forálacha reachtacha i dtaca le cionta, imeachtaí agus pionóis leagtha amach i gCaibidil 4 de Chuid 9 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 (arna leasú).

Is féidir fíneáil suas go €13,000 nó téarma príosúnachta suas go trí bliana nó an dá rud a ghearradh ar fhostóirí nach gcloíonn leis an dlí i dtaca lena n-oibleagáidí ÁSPC agus a fhaightear ciontach i gcion faoin Acht seo.

Is féidir teacht ar leagan reatha comhdhlúite den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 (arna leasú) ach cuairt a thabhairt ar **www.gov.ie/SWconsolidationact2005.**

## 19: Mír Phárolla ÁSPC Fostaí a cheartú

### Ceartúcháin a dhéanamh trí Phacáiste Párolla

- cuir an fhaisnéis ar Sheirbhísí ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) i gcomparáid leis an bhfaisnéis sa phacáiste párolla chun na hathruithe riachtanacha a aithint.
- ba chóir go ligfeadh an pacáiste bogearraí párolla d'fhostóirí tíolacthaí a fágadh ar lár a aighniú, tíolacthaí dúblacha a scriosadh nó tíolacthaí míchearta a leasú. Féach ar cháipéisíocht na mbogearraí párolla le haghaidh cúnaimh.
- deimhnigh go bhfuil na ceartúcháin curtha isteach i gceart trí bhreathnú ar an ráiteas athbhreithnithe in ROS.

### Ceartúcháin a Dhéanamh trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)

- is féidir le fostóirí ROS a úsáid chun aon tíolacadh a rinneadh roimhe seo a leasú, fiú má aighníodh é trí phacáiste párolla. Mar sin, má úsáideann fostóirí pacáiste párolla, is fearr an pacáiste párolla sin a úsáid chun na ceartúcháin riachtanacha a dhéanamh.
- ní mór ceartúcháin agus scriosadh a dhéantar ar thíolacthaí trí ROS a chur i gcrích ceann ar cheann. Níl saoráid ar ROS chun nuashonruithe a dhéanamh ar an mórchóir; tá an tsaoráid seo ar fáil trí na bogearraí pacáiste párolla.
- ba chóir a bheith cúramach le cinntiú gurb é an uimhir Aitheantais Fostaíochta a úsáidtear agus tíolacthaí á ndéanamh, an uimhir cheart don fhostaí. Má bhaintear úsáid as uimhir Aitheantais Fostaíochta mhícheart, cruthóidh sé seo fostaíochtaí agus Fógraí Párolla na gCoimisinéirí Ioncaim (FPCI) neamhbheartaithe. Bain úsáid as ROS chun breathnú ar fhostaíochtaí gníomhacha chun an uimhir Aitheantais Fostaíochta cheart a dhéanamh amach roimh thíolacadh a dhéanamh.

## I gcás go bhfuil tíolacthaí dúblacha ann; scrios an líne thíolactha mhícheart

Chun mír mhícheart ar líne thíolactha a scriosadh:

1. Bain úsáid as ROS chun an mhír líne tíolactha a aimsiú.
2. Cliceáil ar ‘Amharc’ chun sonra na míre líne tíolactha a fheiceáil.
3. Nuair atáthar sásta gurb é sin an mhír líne atá an fostóir a iarraidh a scriosadh, roghnaigh an rogha scrios.

Leagtar amach sna táblaí ar na leathanaigh seo a leanas na nósanna imeachta atá le leanúint maidir le hearráidí in ÁSPC a dhéantar sa bhliain reatha agus sa bhliain roimhe, faoi seach.

| Míreanna Párolla ÁSPC Fostaí a cheartú trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) | | |
|---|---|---|
| Míreanna Sonraí | Tharla an earráid sa bhliain reatha | Tharla an earráid sa bhliain roimhe sin |
| Aicme agus Fo-aicme ÁSPC<br><br>Seachtainí Inárachais | Deisigh an chéad Imeacht Párolla eile<br><br>Chun na Seachtainí Inárachais nó an Aicme/Fho-aicme ÁSPC a leasú ar thíolacadh fostaí a tharla i mbliana:<br><br>Sa chéad imeacht párolla eile, cuir isteach:<br><br>Luach diúltach má tá an iomarca Seachtainí Inárachais nó Aicme/Fo-aicmí ÁSPC taifeadta go hearráideach, nó; Luach dearfach má tá ganntanas Seachtainí Inárachais nó Aicme/Fo-aicmí ÁSPC taifeadta go hearráideach.<br><br>Ní mór a chinntiú sa leasú go bhfuil na Seachtainí Inárachais bliain-go-dáta nó Aicme/Fo-aicmí ÁSPC i gceart<br><br>Sa chás go bhfuil tíolacadh ar iarraidh:<br><br>Cruthaigh aighneacht nua.Tá treoracha sonracha maidir le haighneacht nua a chruthú ar fáil ar Revenue.ie. | Chun Seachtainí Inárachais nó Aicme/Fo-aicme ÁSPC a leasú i dtíolacadh fostaí ó bhliain eile:<br><br>Don bhliain inar tharla an earráid cuir isteach 'Tuairisceán Nialasach', sin luach nialais a chur isteach, i ngach réimse seachas Seachtainí Inárachais nó Aicme/Fo-aicme ÁSPC, ag brath ar an réimse atá le leasú.<br><br>Is féidir luach cuí dearfach nó diúltach a chur isteach ina áit.<br><br>Ní mór a chinntiú sa leasú go bhfuil na Seachtainí Inárachais carnach nó Aicme/Fo-aicme ÁSPC don bhliain i gceart. |

| Míreanna Párolla ÁSPC Fostaí a cheartú trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) | | |
|---|---|---|
| Míreanna Sonraí | Tharla an earráid sa bhliain reatha | Tharla an earráid sa bhliain roimhe sin |
| Uimhir PSP an Fhostaí<br><br>Uimhir Aitheantais Fostaíochta<br><br>Ordú Eisiaimh<br><br>Tá an fostaí díolmhaithe ó ÁSPC in Éirinn<br><br>Cúis a bhfuil díolúine ó ÁSPC<br><br>Uimhir Rianaithe Pinsin<br><br>Luach Saothair Scairbhunaithe | Leasú a dhéanamh ar an tíolacadh bunaidh.<br><br>Chun na luachanna i dtíolacadh fostaí a leasú:<br><br>Chun mír mhícheart ar líne thíolactha atá ann cheana a leasú.<br><br>1. Bain úsáid as ROS chun an mhír líne tíolactha atá le leasú a aimsiú.<br><br>2. Cliceáil ar 'Amharc' chun sonra na míre líne tíolactha a fheiceáil.<br><br>3. Nuair atá tú sásta gurb í an mhír líne atá le leasú; roghnaigh an rogha 'leasaigh' agus athraigh luachanna an tíolactha. | Leasú a dhéanamh ar an tíolacadh bunaidh.<br><br>Chun na luachanna i dtíolacadh fostaí a leasú:<br><br>Chun mír mhícheart ar líne thíolactha atá ann cheana a leasú.<br><br>1. Bain úsáid as ROS chun an mhír líne tíolactha atá le leasú a aimsiú.<br><br>2. Cliceáil ar 'Amharc' chun sonra na míre líne tíolactha a fheiceáil.<br><br>3. Nuair atá tú sásta gurb í an mhír líne atá le leasú; roghnaigh an rogha 'leasaigh' agus athraigh luachanna an tíolactha. |

| Míreanna Párolla ÁSPC Fostaí a cheartú trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) | | |
|---|---|---|
| **Míreanna Sonraí** | **Tharla an earráid sa bhliain reatha** | **Tharla an earráid sa bhliain roimhe sin** |
| Pá do ÁSPC Fostaí<br>Pá do ÁSPC Fostóra<br>ÁSPC Fostaí a íocadh;<br>ÁSPC Fostóra a íocadh; | Más rud é, mar gheall ar an earráid, gur ró-íocadh an fostaí sa bhliain reatha:<br>Réitigh é sa chéad Imeacht Párolla eile tríd an ró-íocaíocht a fhorchúiteamh<br>Más rud é, mar gheall ar an earráid, gur gearríocadh an fostaí sa bhliain reatha:<br>Réitigh sa chéad Imeacht/ Imeachtaí Párolla eile tríd an tsuim cheart a aisíoc.<br>Más rud é go raibh earráid tuairiscithe ann nach féidir a réiteach s(n)a chéad Imeacht(aí) párolla eile:<br>Ní mór an tíolacadh bunaidh a cheartú .i. na luachanna a leasú atá i mír mhícheart ar líne thíolactha fostaí.<br>1. Bain úsáid as ROS chun an mhír líne tíolactha atá le leasú a aimsiú.<br>2. Cliceáil ar 'Amharc' chun sonra na míre líne tíolactha a fheiceáil.<br>3. Nuair atá tú sásta gurb í an mhír líne atá le leasú; roghnaigh an rogha 'leasaigh' agus athraigh luachanna an tíolactha. | Leasú a dhéanamh ar an tíolacadh bunaidh.<br>Chun na luachanna i dtíolacadh fostaí a leasú:<br>Chun mír mhícheart ar líne thíolactha atá ann cheana a leasú.<br>1. Bain úsáid as ROS chun an mhír líne tíolactha atá le leasú a aimsiú.<br>2. Cliceáil ar 'Amharc' chun sonra na míre líne tíolactha a fheiceáil.<br>3. Nuair atá tú sásta gurb í an mhír líne atá le leasú; roghnaigh an rogha 'leasaigh' agus athraigh luachanna an tíolactha.<br>Tabhair faoi deara: Seans go mbeidh gá le ÁSPC Fostóra nó Fostaí a Íocadh a leasú. |

# www.gov.ie/dsp

Chun tuilleadh eolais a fháil

- Téigh chuig: **www.gov.ie/dsp** agus **www.gov.ie/prsi**; nó
- Téigh i dteagmháil le d'Ionad Intreo áitiúil, Oifig Leasa Shóisialaigh nó Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Is féidir leat ainm agus seoladh d'Ionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil a fháil ach cuairt a thabhairt ar **www.gov.ie/intreocentres.**

Déanta ag

Aonad Seirbhíse do Chustaiméirí
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Áras Mhic Dhiarmada
Sráid an Stórais
Baile Átha Cliath 1
D01 WY03

Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar ann.

00K 02-24 Eagrán: Feabhra 2024